Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**10476/22**

**CES 16**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Ríocht na Danmhairge, de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa – Glacadh |

1. I litir dar dáta an 29 Iúil 2021, chuir Uachtarán Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) in iúl don Chomhairle go raibh Nils TRAMPE, comhalta de CESE, tar éis éirí as oifig.[1]

2. I litir dar dáta an 6 Bealtaine 2022, mhol Rialtas na Danmhairge Christiane MIßLBECK-WINBERG, *Europapolitisk chef, Dansk Arbejdsgiverforening (DA)* (Stiúrthóir, Gnóthaí Aontais agus Idirnáisiúnta, Cónaidhm Fhostóirí na Danmhairge (DA)), lena gceapadh mar chomhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2025.[2]

3. Faoi Airteagal 302 CFAE, ceapann an Chomhairle comhaltaí an Choiste tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

[1] 12036/21.
[2] 7259/22.

4. Chuathas i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis an ainmniúchán an 18 Bealtaine 2022 agus fuarthas tuairim fhabhrach uaidh ina leith an 24 Meitheamh 2022[3].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an Cinneadh a leagtar amach in 10475/22 a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[3] C(2022) 4248.